# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014**

# C U N T A S A Í O C H T – A R D L E I B H É A L

**(400 marc)**

DÉ LUAIN 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhir 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhir 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

**ROINN 1 (120 marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

## 1. Trádálaí Aonair – Cuntais Deiridh

Baineadh an Comhardú Trialach a leanas as leabhair Mhaidhc Mhic Mhathúna ar 31/12/2013:

| | € | € |
|---|---|---|
| Foirgnimh (Costas €640,000) ............ | 545,000 | |
| Veaineanna Seachadta (Costas €90,000) ............ | 78,000 | |
| Infheistíochtaí 3% (01/04/2013) ............ | 100,000 | |
| Morgáiste Seasta 6% (méadú de €60,000 a fuarthas ar 01/04/2013 san áireamh) ............ | | 200,000 |
| Paitinní ............ | 40,400 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe ............ | 50,000 | 110,000 |
| Ceannacháin agus Díolacháin ............ | 530,400 | 695,000 |
| Stoc 01/01/2013 ............ | 64,200 | |
| Fógraíocht ............ | 2,500 | |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta (fionraí san áireamh) ............ | 90,000 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach ............ | | 1,400 |
| Lascaine (ghlan) ............ | 1,800 | |
| Cíos ............ | 10,000 | |
| Ús Morgáiste a íocadh don chéad trí mhí ............ | 1,500 | |
| Árachas ............ | 5,750 | |
| CBL ............ | | 4,200 |
| Banc ............ | | 16,400 |
| ÍMAT, ÁSPC & MSU ............ | | 3,800 |
| Tarraingtí ............ | 41,250 | |
| Caipiteal ............ | | 530,000 |
| | 1,560,800 | 1,560,800 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) B'fhiú €80,000 an stoc ar a chostas ar 31/12/2013. Ní dhearnadh taifead ar 'bith d'earraí faoi bhealach' ar 31/12/2013. Bhí sonrasc do na hearraí seo faighte, a thaispeáin an praghas miondíola molta de €4,800, is é sin an costas móide 20%.

(ii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar veaineanna ar an ráta bliantúil de 10% den chostas ón dáta ceannaigh go dáta an díola.
NÓTA: Ar 31/3/2013 trádáladh isteach veain seachadta a raibh costas €40,000 uirthi ar 30/9/2010 in aghaidh veain nua a chosain €46,000. Tugadh lamháltas de €16,000 ar an tseanveain. Iontráladh an seic ar ghlanmhéid an bhirt seo sa chuntas bainc ach caitheadh go mícheart leis mar cheannachán stoc trádála. Ní dhearnadh iontráil ar bith eile sna leabhair maidir leis an mbeart seo.

(iii) Tarlaíonn figiúr na fionraí toisc gur breacadh figiúr mícheart don ús morgáiste (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus toisc gur íocadh €2,000 le haghaidh ÍMAT, ÁSPC agus MSU nár iontráladh ach sa chuntas bainc amháin.

(iv) Cuireadh earraí a raibh praghas díola miondíola de €15,000 orthu ar ais chuig soláthraí. Ba é an praghas díola ná an costas móide 20%. D'eisigh an soláthraí nóta creidmheasa a thaispeáin táille athstocála de 10% den chostas ceannaigh. Ní dhearnadh aon iontráil maidir leis an táille athstocála seo.

(v) Tá soláthar le déanamh d'ús morgáiste atá dlite. Le cuid phríobháideach chónaithe den fhoirgneamh a bhaineann 25% den ús Morgáiste.

(vi) Tá paitinní, a bhfuil ioncam infheistíochta 3 mhí cuimsithe iontu, le díscríobh thar thréimhse cúig bliana, ag tosú in 2013.

(vii) Déan soláthar do dhímheas ar fhoirgnimh de réir ráta 2% den chostas in aghaidh na bliana. Socraíodh na foirgnimh a athluacháil ar €720,000 ar 31/12/2013.

(viii) Fágadh ar lár ó na leabhair earraí de luach miondíola €3,000, is é sin costas móide 25%, a thóg an t-úinéir lena n-úsáid go príobháideach i rith na bliana.

(ix) Fuarthas seic ar €800 ar 31/12/2013 maidir le fiach €800 a bhí díscríofa cheana féin mar dhrochfhiach. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair chun an beart sin a thaifeadadh.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú**:

**(a)** Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2013. (75)
**(b)** Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2013. (45)

**(120 marc)**

**2. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Is iad seo a leanas na Cláir Chomhardaithe do Ó Dúill cpt, mar a bhí ar 31/12/2013 agus 31/12/2012 chomh maith le Cuntas Brabúis agus Caillteanais giorraithe don bhliain dar chríoch 31/12/2013.

| **Cuntas Brabúis agus Caillteanais giorraithe don bhliain dar chríoch 31/12/2013** | **€** |
|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 185,000 |
| Ús don bhliain | (16,000) |
| Brabús roimh cháin | 169,000 |
| Cáin don bhliain | (45,000) |
| Brabús tar éis cánach | 124,000 |
| Díbhinní íoctha | (60,000) |
| Brabúis choinnithe don bhliain | 64,000 |
| Brabúis choinnithe ar 01/12/2013 | 150,000 |
| Brabúis choinnithe ar 31/12/2013 | 214,000 |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2013** | | **31/12/2012** | |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus Foirgnimh ar a gcostas | 900,000 | | 825,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (70,000) | 830,000 | (50,000) | 775,000 |
| Innealra ar a chostas | 420,000 | | 495,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (270,000) | 150,000 | (250,000) | 245,000 |
| | | 980,000 | | 1,020,000 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí Luaite ar a gcostas | | 50,000 | | 30,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 215,000 | | 192,000 | |
| Féichiúnaithe | 178,000 | | 170,000 | |
| Urrúis Rialtais | 20,000 | | ----- | |
| Banc | ----- | | 5,000 | |
| Airgead | 4,000 | | 3,000 | |
| | 417,000 | | 370,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | | |
| Creidiúnaithe trádála | 290,000 | | 285,000 | |
| Ús dlite | 3,000 | | ----- | |
| Cáin | 80,000 | | 75,000 | |
| Banc | 6,000 | | ---- | |
| | (379,000) | | (360,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 38,000 | | 10,000 |
| | | 1,068,000 | | 1,060,000 |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin** | | | | |
| Bintiúir 10% | | 160,000 | | 240,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | 690,000 | | 670,000 | |
| Scairbhiseach | 4,000 | | ---- | |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 214,000 | 908,000 | 150,000 | 820,000 |
| | | 1,068,000 | | 1,060,000 |

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:

1. Níor diúscraíodh foirgneamh ar bith le linn na bliana ach fuarthas seilbh ar fhoirgnimh nua.
2. Níor ceannaíodh innealra ar bith le linn na bliana. Rinneadh innealra a dhiúscairt ar €30,000.
3. Ba é an dímheas a gearradh don bhliain ar innealra chun an brabús oibriúcháin a bhaint amach ná €40,000.

**Ag teastáil**:

**(a)** Ullmhaigh Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid d'Ó Dúill cpt don bhliain dar chríoch 31/12/2013 agus Ráiteas/Ráitis Imréitigh san áireamh. (51)

**(b)** (i) Mínigh na cúiseanna ar ghin Ó Dúill cpt, a bhfuil brabús oibriúcháin de €185,000 aige, glan-insreabhadh airgid níos mó as gníomhaíochtaí oibriúcháin.

(ii) Luaigh **trí** oibleagáid chuntasaíochta ar chuideachta mhór phoiblí de réir Acht na gCuideachtaí. (9)

**60 marc**

## 3. Cuntais Fhoilsithe

Tá scairchaipiteal údaraithe de €900,000 ag Danner cpt atá roinnte ina 700,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 scair thosaíochta 4% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2013:

| | € | € |
|---|---|---|
| Foirgnimh ar a gcostas | 750,000 | |
| Foirgnimh – Dímheas Carnach ar 01/01/2013 | | 81,000 |
| Feithiclí ar a gcostas | 240,000 | |
| Feithiclí – Dímheas Carnach ar 01/01/2013 | | 25,000 |
| Infheistíochtaí Luaite ar a gcostas (luach margaidh €110,000) | 250,000 | |
| Infheistíochtaí Neamhluaite ar a gcostas (luach an stiúrthóra €60,000) | 70,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 290,000 | 198,000 |
| Stoc 01/01/2013 | 82,000 | |
| Paitinn 01/01/2013 | 84,000 | |
| Speansais riaracháin | 230,000 | |
| Costais dáileacháin | 260,000 | |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 1,000,500 | 1,770,000 |
| Ioncam ó chíosanna | | 30,000 |
| Brabús ar dhíol talún | | 20,000 |
| Díbhinní íoctha | 22,000 | |
| Banc | 81,000 | |
| CBL | | 65,000 |
| Bintiúir 5% 2018/2019 | | 350,000 |
| Cuntas Brabúis & Caillteanais ar 01/01/2013 | | 41,000 |
| Ioncam infheistíochta faighte – luaite | | 2,000 |
| neamhluaite | | 1,500 |
| Caipiteal Eisithe | | |
| Gnáthscaireanna | | 550,000 |
| Scaireanna Tosaíochta 4% | | 200,000 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 20,000 |
| Ús bintiúir íoctha | 5,000 | |
| Lascaine | | 11,000 |
| | 3,364,500 | 3,364,500 |

Baineann an t-eolas seo a leanas le hábhar:

(i) Ba é luach an Stoic ar 31/12/2013 ná €90,000.

(ii) Le linn na bliana, díoladh ar €130,000 talamh a bhí gar d'áitreabh na cuideachta agus a chosain €110,000. Ag deireadh na bliana, d'athluacháil an chuideachta a cuid foirgneamh ar €900,000. Teastaíonn ón gcuideachta an luach seo a chuimsiú i gcuntais na bliana seo.

(iii) Déan soláthar d'ús bintiúir dlite, táillí iniúchóirí €15,000, táillí stiúrthóirí €50,000 agus cáin chorparáide €90,000.

(iv) San áireamh sna speansais riaracháin tá fáltas €3,000 ar ríchíosanna paitinne.

(v) Tá soláthar le déanamh do dhímheas ar fhoirgnimh de réir ráta 2% méid chothrom agus tá sé le cionroinnt, 25% ar chostais dáileacháin agus 75% ar speansais riaracháin. Níor tharla aon cheannachán ná aon díolachán foirgneamh le linn na bliana. Tá dímheas le déanamh ar fheithiclí de réir ráta 20% ar a gcostas.

(vi) Ceannaíodh an phaitinn ar 01/01/2010 ar €120,000. Tá sí á hamúchadh thar 10 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh seo le bheith san áireamh sa chostas díolachán.

**Ag teastáil**:

**(a)** Ullmhaigh an cuntas Brabúis agus Caillteanais Foilsithe don bhliain 31/12/2013, de réir Achtanna na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuntasaíochta cuí, agus na nótaí seo a leanas a thaispeáint:

1. Nóta polasaí cuntasaíochta do shócmhainní seasta inláimhsithe agus stoc
2. Brabús Oibriúcháin
3. Sócmhainní seasta airgeadais
4. Sócmhainní seasta inláimhsithe. (51)

**(b)** (i) Luaigh **trí** mhír eolais a chaithfidh a bheith san áireamh i dTuarascáil an Stiúrthóra.

(ii) Mínigh an téarma 'Mír Eisceachtúil' agus tabhair sampla mar thaca le do fhreagra. (9)

**(60 marc)**

4. **Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe**

Thaispeáin Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe ag B. Ó hÓgáin na hiarmhéideanna seo a leanas: €63,552 sr agus €490 dr ar 31/12/2013. Níor réitigh na figiúirí sin le Sceideal (Liosta) Iarmhéideanna na gCreidiúnaithe a baineadh as mórleabhar na gcreidiúnaithe ar an dáta céanna. Léirigh scrúdú ar na leabhair an t-eolas seo a leanas:

(i) Bhí luach €890 de cheannacháin ar airgead síos a rinne Ó hÓgáin curtha chun dochair do chuntas soláthraí.

(ii) Lascaine €120 nár cheadaigh soláthraí, cuireadh isteach sna leabhair í mar lascaine €210 a fuarthas.

(iii) Ghearr creidiúnaí ús de €110 ar Ó hÓgáin ar chuntas a bhí dlite thar téarma. Ba é an t-aon iontráil é a breacadh sna leabhair don ús seo ná €11 a breacadh chun dochair i gcuntas an chreidiúnaí. Tar éis go ndearnadh gearán, laghdaíodh an t-ús go €50 ach níor léiríodh an laghdú seo sna cuntais.

(iv) Fuair Ó hÓgáin sonrasc ó sholáthraí do €860. Iontráladh é seo sa leabhar lae cuí mar €680. Ach nuair a bhí sé á bhreacadh sa mhórleabhar ón leabhar seo ní dhearnadh iontráil ar bith sa chuntas pearsanta.

(v) Chuir Ó hÓgáin luach €400 d'earraí ar ais chuig soláthraí agus bhreac é seo i gceart sna leabhair. Ach tháinig nóta creidmheasa ar ais a thaispeáin asbhaint de 5% mar tháille athstocála. Cuireadh méid iomlán an nóta sochair seo chun sochair i gcuntas an chreidiúnaí. Ní dhearnadh aon iontráil *eile* sna leabhair maidir leis an nóta creidmheasa.

(vi) Fuarthas nóta creidmheasa ó sholáthraí do €313. Ba é an t-aon iontráil a breacadh sna leabhair ná €31 agus cuireadh chun sochair do chuntas an tsoláthraí é.

**Ag teastáil**:

**(a)** Ullmhaigh Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe Coigeartaithe. (24)

**(b)** Ullmhaigh Sceideal na gCreidiúnaithe Coigeartaithe a léiríonn an t-iarmhéid tosaigh. (28)

**(c)** Mínigh (i) Mir Contra.
(ii) Conas a d'fhéadfadh an 'Iarmhéid Tosaig de €490' thuas tarlú. (8)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú Cuntas**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais deiridh Sionainn cpt, cuideachta i dtionscal na foirgníochta, don bhliain dar chríoch 31/12/2013. Tá caipiteal údaraithe de €700,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Tá 350,000 gnáthscair agus 100,000 de na scaireanna tosaíochta eisithe ag an ngnólacht cheana féin.

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2013**

| | € |
|---|---|
| Díolacháin | 950,000 |
| Costais earraí díolta | (755,000) |
| Speansais oibriúcháin don bhliain | (130,000) |
| Ús don bhliain | (18,000) |
| Glanbhrabús don bhliain | 47,000 |
| Díbhinní íoctha | (40,000) |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2013 | 35,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2013 | 42,000 |

**Cóimheasa agus eolas don bhliain dar chríoch 31/12/2012**

| | |
|---|---|
| Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire | 15c |
| Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire | 12c |
| Cumhdach uis | 4 huaire |
| Mear-chóimheas | 0.90:1 |
| Luach margaidh gnáthscaire amháin | €1.35 |
| Toradh ar chaipiteal in usáid | 10.1% |
| Giaráil | 48% |
| Cumhdach díbhinne | 1.25 uair |
| Toradh díbhinne | 8.9% |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2013**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Doláimhsithe | | | 100,000 |
| Sócmhainní Inláimhsithe | | | 480,000 |
| Infheistíochtaí (luach margaidh €200,000) | | | 210,000 |
| | | | 790,000 |
| **Sócmhainní Reatha** (Stoc ar deireadh €62,000 & Féichiúnaithe €43,000 san áireamh) | | 112,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 65,000 | | |
| Rótharraingt Bhainc | 45,000 | (110,000) | 2,000 |
| | | | 792,000 |
| **Maoinithe ag** | | | |
| Bintiúir 6% (2018/2019) | | | 300,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | | 350,000 | |
| Scaireanna Tosaíochta 5% @ €1 an ceann | | 100,000 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais | | 42,000 | 492,000 |
| | | | 792,000 |

Luach margaidh de ghnáthscair amháin **€1.30**

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2013**: (déan an t-áireamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

**(a)** (i) Díolacháin ar airgead síos más 2 mhí an tréimhse chreidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe.
(ii) Toradh ar an gcaipiteal in úsáid.
(iii) Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire in 2013.
(iv) An toradh díbhinne
(v) Cá fhad a thógfadh sé ar ghnáthscair amháin a luach margaidh in 2013 a aisghabháil, bunaithe ar an ráta íocaíochta amach atá ann faoi láthair? (50)

**(b)** Cuir comhairle ar an mbainisteoir bainc más ceart iasacht de €350,000, ar a mbeadh ráta úis 9% á ghearradh, a thabhairt do Sionainn cpt le haghaidh fairsingithe sa todhchaí. Bain úsáid as cóimheasa ábhartha agus sonraí eolais eile mar thaca le do fhreagra. (40)

**(c)** Mínigh an difríocht idir na téarmaí 'Leachtacht' agus' Sócmhainneacht' nuair a bhaintear úsáid astu in Anailís Chóimheasa. Déan tagairt do cóimheasa ábhartha i do míniú (10)

**(100 marc)**

**6. Gnólacht Seirbhíse**

Cuireadh iad seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais Ghiomnáisiam agus Ionad Sláinte Sáimhe Teo, ar 01/01/2013:
Foirgnimh agus Talamh €620,000; Trealamh €70,000; Feithiclí ar a gcostas €90,000; Stoc sa siopa €3,400; Stoc d'ola théimh €1,900; Creidiúnaithe do sholáthairtí don Ghiomnáisiam agus Ionad Sláinte €1,600; Infheistíochtaí 5% €40,000; Glantachán ar conradh réamhíoctha €400; Éarlaisí cliant réamhíoctha €6,000, Caipiteal Údaraithe €600,000, Caipiteal Eisithe €450,000.

**Tá dímheas carntha 3 bliana ag na sócmhainní seasta go léir ar 01/01/2013**.

Is Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí é seo a leanas don bhliain dar chríoch 31/12/2013:

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Ghiomnáisiam agus Ionad Sláinte Sáimhe Teo don bhliain dar chríoch 31/12/2013**

| | € | | € |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid sa bhanc 01/01/2013 | 6,000 | Níochán éadaigh | 2,500 |
| Táillí Cliant | 330,500 | Teileafón | 1,600 |
| Ioncam ó infheistíochtaí | 1,200 | Pá & tuarastail | 85,400 |
| Fáltais siopa | 45,000 | Aisíocaíocht iasacht €50,000 ar 01/04/2013 mar aon le hús 15 mhí | 56,000 |
| Iarmhéid 31/12/2013 | 135,000 | Trealamh | 15,000 |
| | | Síneadh nua | 230,000 |
| | | Feithicil nua | 50,000 |
| | | Glantachán ar conradh | 3,600 |
| | | Solas agus teas | 3,400 |
| | | Árachas | 6,800 |
| | | Ceannacháin – siopa | 28,000 |
| | | Ceannacháin – soláthairtí | 35,400 |
| | 517,700 | | 517,700 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:
(i) Stoc deiridh ar 31/12/2013: Siopa €1,400, Ola théimh €600.
(ii) Déantar an glantachán, ar chonradh, atá iníoctha roimh ré go míosúil agus cuimsíonn sé íocaíocht de €500 d'Eanáir 2014.
(iii) Cuimsíonn táillí cliant táillí de €6,500 do 2014. Táillí cliant a bhí dlite ar 31/12/2013 ná €800.
(iv) Cuimsíonn pá agus tuarastail suim €22,000 in aghaidh na bliana a íoctar leis an rúnaí, a reáchtálann an siopa freisin. Meastar gur leis an siopa a bhaineann 40% den tuarastal sin, chomh maith le €400 don solas agus teas, €800 don árachas agus €500 don teileafón.
(v) Bhí €2,500 dlite do chreidiúnaithe as soláthairtí don Ghiomnáisiam agus Ionad Sláinte ar 31/12/2013.
(vi) Bhí €360 dlite don leictreachas ar 31/12/2013.
(vii) Tá soláthar le déanamh mar seo a leanas don dímheas:
Foirgnimh 2% den chostas don bhliain iomlán.
Trealamh 10% den chostas don bhliain iomlán.
Feithiclí 20% den chostas in aghaidh na bliana ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
Ar 01/07/2013, trádáladh isteach feithicil a chosain €40,000 ar 01/01/2010 in aghaidh feithicle nua a chosain €59,000. Tugadh lamháltas trádála isteach de €9,000 ar an tseanfheithicil.
(viii) Ar 31/12/2013 shocraigh Giomnáisiam agus Ionad Sáimhe Teo na foirgnimh a athluacháil ar €900,000.

**Ag teastáil**:
**(a)** Ríomh cúlchistí na cuideachta (iarmhéid brabúis agus caillteanais) ar 01/01/2013. (18)
**(b)** Ríomh an brabús/caillteanas ón siopa don bhliain dar chríoch 31/12/2013. (10)
**(c)** Ullmhaigh Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2013. (36)
**(d)** Ullmhaigh Clár Comhardaithe ar 31/12/2013. (30)
**(e)** Tá úinéirí Ghiomnáisiam agus Ionad Sláinte Sáimhe Teo tar éis ardú de 15% i dtáillí cliant a mholadh, rud a chabhródh chun rótharraingt an bhainc a ghlanadh. Cé na hargóintí a dhéanfá i gcoinne an mholta seo? (6)

**(100 marc)**

## 7. Ceartú Earráidí agus Cuntas Fionraí

Níor réitigh Comhardú Trialach E. Ó Caingne, grósaeir, ar 31/12/2013. Iontráladh an difríocht i gCuntas Fionraí agus ullmhaíodh an Clár Comhardaithe seo a leanas.

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2013**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Áitreabh | | 650,000 | |
| Trealamh | | 35,000 | |
| Feithiclí Mótair | | 72,000 | 757,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc (fionraí san áireamh) | | 185,400 | |
| Féichiúnaithe | | 36,300 | |
| Airgead | | 1,500 | |
| | | 223,200 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | |
| Creidiúnaithe | 58,500 | | |
| Banc | 32,000 | (90,500) | 132,700 |
| | | | 889,700 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| Caipiteal | | 810,000 | |
| Móide: Glanbhrabús | | 87,200 | |
| | | 897,200 | |
| Lúide Tarraingtí | | (7,500) | 889,700 |
| | | | 889,700 |

Tar éis na leabhair a sheiceáil, aimsíodh na hearráidí seo a leanas:

(i) Chuir féichiúnaí, a raibh €830 ag Ó Caingne air, seic isteach do €780 mar lánghlanadh agus breacadh é sin i gceart sna leabhair. Ach ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair faoi obadh an tseic seo ina dhiaidh sin, ná faoi dhúnadh chuntas an fhéichiúnaí i ndiaidh fháltas an chéad íocaíocht agus an íocaíocht deiridh de 10c san €1.

(ii) Chuir Ó Caingne earraí ar ais, a ceannaíodh roimhe sin ar cairde ó sholáthraí ar €15,800. Rinne Ó Caingne an beart sin a iontráil mar €18,500 ar an taobh ceart sna cuntais chearta sa mhórleabhar. Tháinig nóta creidmheasa isteach ina dhiaidh sin ón soláthraí a léirigh táille athstocála de €800 i leith chostas an aischuir. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh i leith an nóta creidmheasa seo ná €15,000 chun sochair i gcuntas an chreidiúnaí.

(iii) Níor breacadh isteach sna leabhair seic do €4,260 a d'íoc Ó Caingne as cuntas bainc príobháideach ar fhruiliú trealaimh don gnólacht ar feadh 15 mhí go dtí 31/03/2014.

(iv) Bhuaigh Ó Caingne duais phríobháideach laethanta saoire do bheirt ar luach €6,000 ina iomláine. Tugadh ticéad amháin do dhíoltóir mar pháirtíocaíocht ar choimisiún díolacháin i gcóir na bliana, agus tugadh an ceann eile do ghnólacht fógraíochta mar íocaíocht iomlán ar fhiach de €3,250. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair.

(v) Bronnadh carr príobháideach Uí Chaingne dar luach €8,800 ar an ngnólacht. Thóg sé reoiteoir úsáid as an ngnó ag luach comhaontaithe de €800. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair dochair de €800 i gcuntas an trealaimh. Bhí an reoiteoir ar luach leabhair de €1,300.

**Ag teastáil**:

| | | |
|---|---|---|
| **(a)** | Déan na ceartúcháin riachtanacha a iontráil sa leabhar cúnta. | (54) |
| **(b)** | Taispeáin an Cuntas Fionraí. | (6) |
| **(c)** | Ullmhaigh ráiteas a thaispeánann an glanbhrabús ceart. | (14) |
| **(d)** | Ullmhaigh Clár Comhardaithe ceartaithe. | (20) |
| **(e)** | Luaigh **trí** chineál earráidí a mbíonn tionchar acu ar chomhardú Comhardú Trialach. | (6) |

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**8. Costáil Imeallach agus Costáil Ionsúcháin**

**(a)** Táirgeann Ó Murchú Teo aon táirge amháin. Mar seo a leanas a bhí cuntas brabúis agus caillteanais na cuideachta don bhliain dar chríoch 31/12/2013, tréimhse inar táirgeadh agus inar díoladh 16,000 aonad:

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin (16,000 aonad) | | 480,000 |
| Ábhair | 120,000 | |
| Saothar díreach | 110,000 | |
| Forchostais monarchan | 60,000 | |
| Speansais riaracháin | 105,000 | 395,000 |
| Glanbhrabús | | 85,000 |

Is costais athraitheacha iad na hábhair, saothar díreach agus ⅓ de na forchostais monarchan. Is costais sheasta iad €65,000 de na speansais riaracháin.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh**:

(i) Pointe meá ar mheá agus lamháil sábháilteachta na cuideachta.

(ii) Déan sceitse garbh de ghraf ina léirítear an pointe meá ar mheá **atá agat**.

(iii) An brabús a d'fhéadfadh an chuideachta a dhéanamh in 2014 dá laghdódh sí a praghas díola de 5%, dá méadódh sí a caiteachas fógraíochta de €5,000 agus dá n-ardódh sí líon na ndíolachán go dtí 19,000 aonad mar thoradh air sin, gan aon athrú ar aon leibhéal ná céatadán eile costais.

(iv) Líon na n-aonad nach mór a dhíol ar €26 in aghaidh an aonaid chun brabús de 20% den ioncam díolacháin ó na haonaid chéanna seo a chur ar fáil.

(v) An brabús a d'fhéadfadh an chuideachta a dhéanamh in 2014 dá dtabharfaí coimisiún de 5% de na díolacháin don fhoireann díolacháin agus dá gcaithfí €1 sa bhreis in aghaidh an aonaid ar phacáistiú nua, dhá rud a d'fhágfadh go n-ardódh na díolacháin go dtí 17,000 aonad ar €34 in aghaidh an aonaid.

**(b)** Tháirg De Barra Teo 10,000 aonad de tháirge A le linn na bliana dar chríoch 31/12/2013. Díoladh 9,000 de na haonaid seo ar €4 in aghaidh an aonaid. Ba iad seo a leanas na costais táirgeachta:

| | |
|---|---|
| Ábhair Dhíreacha | €0.60 an t-aonad |
| Saothar Díreach | €0.50 an t-aonad |
| Forchostas Athraitheach | €0.40 an t-aonad |
| Forchostas Seasta le haghaidh na bliana | €4,000 |

**Ag teastáil**:

(i) Ullmhaigh Ráitis Bhrabúis agus Chaillteanais de réir phrionsabail na Costála Imeallaí agus na Costála Ionsúcháin do De Barra Teo.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na difríochtaí idir costáil Imeallach agus costáil Ionsúcháin. Luaigh cé acu modh is ceart a úsáid chun críche cuntasaíochta airgeadais agus cén fáth.

**(80 marc)**

**9.** **Buiséadú**

Tá réamhaisnéis bhliantúil díolachán go Nollaig 2015 críochnaithe le déanaí ag Ó Crualaoich Teo.
Tá súil acu dhá tháirge a dhíol – Micro ar €240 agus Excel ar €300.

Tá laghdú de 20% le cur i bhfeidhm ar na stoic go léir ó na leibhéil tosaigh faoi dheireadh 2015 agus tá siad á luacháil de réir an mhodha TITA (FIFO).

| | **Micro** | **Excel** |
|---|---|---|
| Tá súil le díolacháin | 11,000 aonad | 6,500 aonad |

Tá súil leis na stoic seo d'earraí críochnaithe ar 01/01/2015:

| | |
|---|---|
| Micro | 800 aonad ar €130 an ceann |
| Excel | 550 aonad ar €150 an ceann |

Úsáidtear na hamhábhair agus an saothar oilte céanna leis an dá tháirge a dhéanamh, ach i gcainníochtaí difriúla in aghaidh an aonaid, mar seo a leanas:

| | **Micro** | **Excel** |
|---|---|---|
| Ábhar X | 6kg | 4 kg |
| Ábhar Y | 5 kg | 7 kg |
| Saothar oilte | 7 n-uaire | 8 n-uaire |

Tá súil leis na stoic amhábhair seo ar 01/01/2015:

| | |
|---|---|
| Ábhar X | 7000 kg @ €1.80 an kg |
| Ábhar Y | 5000 kg @ €3.60 an kg |

Is iad na praghsanna amhábhair a bhfuil súil leo le linn 2015 ná:

| | |
|---|---|
| Ábhar X | €2 an kg |
| Ábhar Y | €4 an kg |

Tá súil le ráta saothair oilte de €12 in aghaidh na huaire.

Tá súil leis na forchostais táirgeachta seo:

| | | |
|---|---|---|
| Athraitheach | €5 | in aghaidh na huaire de shaothar oilte |
| Seasta | €180,400 | sa bhliain |

**Ag teastáil**:

**(a)** Ullmhaigh Buiséad Táirgeachta (in aonaid).
**(b)** Ullmhaigh Buiséad Ceannachán Amhábhar (ina aonaid agus ina €).
**(c)** Ullmhaigh Buiséad Costas Táirgeachta/Déantúsaíochta.
**(d)** Ullmhaigh Cuntas Trádála Buiséadaithe *(más é costas buiséadaithe aonaid amháin Micro agus Excel ná €160 agus €184 faoi seach).*
**(e)** (i) Mínigh cad is brí le Buiséad Airgid agus mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Buiséad Airgid.
(ii) Is í an Phríomhthoisc Bhuiséid ná éileamh ar dhíolacháin sa chuid is mó d'eagraíochtaí. Luaigh **dhá** thoisc eile a d'fhéadfaí a mheas mar Phríomhthoisc Bhuiséid freisin.

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán